snasTV NUACHT TG4

# Mí na Marbh

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Mhí na Marbh. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Féach ar an bhfíseán a chuirfidh an teagascóir ar siúl agus samhlaigh gur tusa an duine san fhíseán.
   - Cad a chloiseann tú agus tú ag siúl? Cad a fheiceann tú?
   - Conas a mhothaíonn tú agus tú ag siúl sa choill?
   - An maith leat mí na Samhna? Cén fáth?

2. Cad a cheiliúrtar i mí na Samhna? Féach ar na híomhánna thíos.



# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *celebration, commemoration* | |
| b) *passed away, dead* | |
| c) *calendar* | |
| d) *to bring to mind* | |
| e) *acknowledged* | |
| f) *for ages* | |
| g) *to think, reflect, ponder* | |
| h) *graveyards* | |
| i) *a tree of remembrance* | |
| j) *prayers* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ______________________________________________

3. Aistrigh na briathra thíos go Gaeilge.

| | | |
|---|---|---|
| *remember* | *I remember* | *remembering* |
| | | |
| *pray* | *I pray* | *praying* |
| | | |

4. Cén Ghaeilge atá ar *I know him*? ______________________________________

5. Cén Ghaeilge atá ar *the Catholic Church*? ________________________________

# C: TUISCINT

Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad é ábhar na míre i gcúpla líne?

___

___

2. Dúirt na daoine ar fad sa mhír gur thaitin an crann cuimhneacháin leo mar gur thug sé deis dóibh a muintir agus a gcairde atá imithe ar shlí na fírinne a thabhairt chun cuimhne. Thug gach duine acu eolas breise dúinn, áfach. Cad iad na difríochtaí caolchúiseacha a luaigh siad? Tá an chéad cheann déanta duit.

| | |
|---|---|
| Séamas Ó Máirtín | Dúirt Séamas gur dheis a bhí ann a mhuintir atá marbh a thabhairt chun cuimhne agus iad a choinneáil ina chroí. Luaigh sé freisin na háiteanna eile a raibh crann cuimhneacháin. |
| Seán Ó Neachtain | |
| Anna Hynes | |
| An tAthair Daniel Gallagher | |



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach uatha agus iolra)

Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach uatha agus iolra sa mhír. Líon na bearnaí leis an leagan ceart de gach ainmfhocal agus alt.

Mí (na Mairbh) ________________ ar shlí (an fhírinne) ________________
mí (an Samhain) ________________ pobal (an Spidéal) ________________
Domhnach (an Reilig) ________________ am (an ciúnas) ________________
féilire (an Eaglais Chaitliceach) ____________________________________

## 2: Cruinneas gramadaí (an modh foshuiteach láithreach)

a) Baintear úsáid as an modh foshuiteach láithreach chun mianta agus mallachtaí a chur in iúl: **go n-éirí leat / go dtaga do ríocht.** Cén sampla laethúil a úsáidimid i nGaeilge den mhodh foshuiteach láithreach? ____________________________________

b) Bhí sampla amháin den mhodh foshuiteach láithreach sa mhír. Cad é?

____________________________________

c) An féidir leat smaoineamh ar aon fhrása a úsáidtear go minic i gcártaí comhbhróin agus a bhfuil an modh foshuiteach láithreach ann?

____________________________________

## 3: Saibhreas teanga (an fhoghraíocht & canúintí)

a) Ní hionann an chanúint atá ag Eibhlín Ní Choistealbha agus atá ag Sinéad Ní Neachtain. Cé na canúintí atá acu?

____________________________________

b) Tá roinnt focal ann nach bhfuaimníonn an bheirt bhan sa chaoi chéanna. Éist leis an gcéad chuid den mhír arís agus cuir cluas ort féin do na focail sin.

____________________________________

c) Téigh go dtí teanglann.ie anseo agus éist leis na focail atá sa bhosca thíos sna canúintí éagsúla. Tabhair faoi deara fuaimeanna na gconsan caol agus leathan i ngach canúint.

| **consan leathan** (sin consan a bhfuil **a** / **o** / **u** taobh leis.) | **consan caol** (sin consan a bhfuil **e** / **i** taobh leis.) |
|---|---|
| **b**ó | **b**eo |
| **l**ón | **l**eon |
| **t**aobh | **t**each |
| **d**aoine | **d**eartháir |
| leabha**r** | ai**r**e |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bígí ag obair i ngrúpaí beaga. Beidh sibh i mbun plé ar fhéilte cuimhneacháin ar fud na cruinne. Leagfaidh an teagascóir ceann amháin de na féilte thíos oraibh agus beidh oraibh taighde a dhéanamh ar an bhféile sin. Cuirigí an méid a fhoghlaimíonn sibh i láthair an ranga ansin. Taispeánaigí cúpla pictiúr den fhéile freisin. Tá cúpla nod sa bhosca chun cuidiú libh.




| An Fhéile | An Tír | Dátaí | Deasghnátha - Stór focal |
|---|---|---|---|
| 1. Mí na Marbh | Éire | Mí na Samhna | imithe ar shlí na fírinne, a thabhairt chun cuimhne, reiligí, crann cuimhneacháin / na marbh, machnamh a dhéanamh |
| 2. *El Día de los Muertos* | Meicsiceo | | lus buí Francach, blaoscanna, maisc, scéalta, scéalta grinn, na mairbh, arán speisialta, altóir sa teach, reiligí |
| 3. *Remembrance Day* | An Ríocht Aontaithe | | lá cuimhneacháin, an Chéad Chogadh Domhanda, an sos cogaidh, poipíní, ciúnas, i ndilchuimhne |
| 4. *Obon* | An tSeapáin | | Búdaithe, Búdaíoch, spioraid, teaghlaigh, áiteanna dúchais, tine, cúirséad, ubhthoradh, damhsa |

## 2: Scríobh

Scríobh an chéad alt do leathanach Vicipéide ar na deasghnátha a bhaineann le Mí na Marbh in Éirinn.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

# AN SCRIPT

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Inniu an chéad Domhnach de Mhí na Marbh, mí ina ndéantar comóradh ar dhaoine atá imithe ar shlí na fírinne. Tá an mhí seo ar cheann de na míonna is tábhachtaí i bhféilire na hEaglaise Caitlicí agus tháinig daoine i gConamara amach inniu lena muintir a thabhairt chun cuimhne.

**Sinéad Ní Neachtain**
Tá mí na Samhna thar a bheith tábhachtach don Eaglais Chaitliceach, mí ina ndéanann daoine na mairbh a thabhairt chun cuimhne. Tháinig pobal an Spidéil i gContae na Gaillimhe amach ar maidin le comóradh a dhéanamh ar a muintir atá imithe ar shlí na fírinne.

**Séamas Ó Máirtín, An Spidéal, Co. na Gaillimhe**
Bhuel, domsa, ciallaíonn sé, abair, cuimhním ar mo mhuintir féin agus chuile[1] dhuine atá imithe romhainn ar shlí na fírinne. Agus sílim go bhfuil sé go hálainn go bhfuil an rud seo sa Spidéal, i gCill Treasa agus freisin sílim, séipéal éigin eile b'fhéidir, sna Mine, go bhfuil crann, áit gur féidir le daoine ainmneacha na marbh a chrochadh ar chrann agus is álainn, nach iontach, is álainn an smaoineamh é sin. *So* domsa i ndáiríre, ciallaíonn sé – an dream atá imithe romhainn go bhfuil muid in ann cuimhneamh orthu agus iad a choinneáil inár gcroí.

**Seán Ó Neachtain, An Spidéal, Co.na Gaillimhe**
Bhuel, ciallaíonn sé, ar an gcéad dul síos, a bheith ag cuimhneamh ar ár muintir atá imithe romhainn agus ar na daoine a raibh aithne againn orthu nach bhfuil linn níos mó. Agus sin é an rud is mó a chiallódh sé domsa agus ar ndóigh, tá Mí na Marbh anois aitheanta san Eaglais leis na cianta agus is deas an rud comóradh a dhéanamh ar an ócáid sin, ag an am seo den bhliain.

**Anna Hynes, Co. Mhaigh Eo**
Bhuel ceapaim, go deimhin, go bhfuil sé an-deas a bheith ag smaoineamh ar na daoine atá imithe romhainn agus a bheith ag guí orthu.

**Sinéad Ní Neachtain**
Is am é le machnamh a dhéanamh freisin.

**An tAthair Daniel Gallagher, Sagart Paróiste an Spidéil, Co. na Gaillimhe**
Tugann an Eaglais an mhí seo dúinne le haghaidh machnamh a dhéanamh ar ár saol féin agus guíonn muid ar son na marbh, go raibh siad slán le Dia. Agus go traidisiúnta, téann daoine chuig na reiligí áitiúla inniu freisin agus i rith mhí na Samhna. Anseo i gCill Éinde, tá ár gcrann cuimhneacháin againn nuair a scríobhfaidh daoine síos ainmneacha a marbh agus crochfaidh siad suas (iad) agus sa mbealach[2] sin tá siad linn anseo sa séipéal. Tá ceann sna Mine agus i Ros an Mhíl freisin.

**Sinéad Ní Neachtain**
Tugann daoine cuairt ar reiligeacha[3] inniu freisin, Domhnach na Reilige, lá ina mbíonn deis ag daoine paidreacha a rá dá muintir, ach is deis é freisin d'am an chiúnais.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4, ar an gCnoc, in Indreabhán, i gContae na Gaillimhe.

---

[1] chuile = leagan canúnach de 'gach uile'
[2] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.
[3] reiligeacha = leagan canúnach de 'reiligí'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Cuir an físeán 'Ag Siúl San Fhómhar' ar siúl cúpla uair don rang. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *celebration, commemoration* | comóradh |
| *passed away, dead* | imithe ar shlí na fírinne |
| *calendar* | féilire |
| *to bring to mind* | a thabhairt chun cuimhne |
| *acknowledged* | aitheanta |
| *for ages* | leis na cianta |
| *to think, reflect, ponder* | machnamh a dhéanamh |
| *graveyards* | reiligí |
| *a tree of remembrance* | crann cuimhneacháin |
| *prayers* | paidreacha |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Freagraí:

| | | |
|---|---|---|
| *remember* | *I remember* | *remembering* |
| cuimhnigh | cuimhním | ag cuimhneamh |
| *pray* | *I pray* | *praying* |
| guigh | guím | ag guí |

4. Tá aithne agam air.
5. An Eaglais Chaitliceach.

## C: TUISCINT

Féach ar an script agus thíos.

| | |
|---|---|
| Séamas Ó Máirtín | Dúirt Séamas gur dheis a bhí ann cuimhneamh ar a mhuintir atá marbh agus iad a choinneáil ina chroí. Luaigh sé freisin na háiteanna eile a raibh crann cuimhneacháin. |
| Seán Ó Neachtain | Dúirt Seán gur dheis a bhí ann cuimhneamh ar a mhuintir atá marbh agus gur rud maith é go bhfuil Mí na Marbh aitheanta ag an Eaglais Chaitliceach le fada. |
| Anna Hynes | Dúirt Anna gur dheis a bhí ann cuimhneamh ar a muintir atá marbh agus a bheith ag guí orthu. |

| | |
|---|---|
| An tAthair Daniel Gallagher | Dúirt An tAthair Daniel Gallagher gur dheis a bhí ann a bheith ag guí ar na marbh agus machnamh a dhéanamh ar ár saol féin. Luaigh sé freisin na háiteanna eile a bhfuil crann cuimhneacháin iontu agus conas na hainmneacha a chrochadh ar an gcrann. Dúirt sé go dtéann daoine go dtí na reiligí áitiúla freisin. |

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (An tuiseal ginideach uatha agus iolra)

Freagraí:

| | |
|---|---|
| Mí (na Mairbh) | **na Marbh** |
| ar shlí (an fhírinne) | **na fírinne** |
| mí (an Samhain) | **na Samhna** |
| pobal (an Spidéal) | **an Spidéil** |
| Domhnach (an Reilig) | **na Reilige** |
| am (an ciúnas) | **an chiúnais** |
| féilire (an Eaglais Chaitliceach) | **na hEaglaise Caitlicí** |

### 2: Cruinneas gramadaí (An modh foshuiteach láithreach)

a) 'go raibh siad slán le Dia'.
b) Go raibh maith agat.
c) Ar dheis Dé go raibh a anam. / Go dtuga Dia dídean na bhflaitheas dó. / Go ndéana Dia a mhaith air. / Go ndéana Dia trócaire air.

### 3: Saibhreas teanga (An fhoghraíocht & canúintí)

a) Eibhlín Ní Choistealbha – canúint na Mumhan / Sinéad Ní Neachtain – canúint Chonnacht.
b) Is iad na cinn is suntasaí ná **tá**, **imithe** agus **cuimhne**.
c) Tabhair deis dóibh éisteacht leis na focail sa bhosca.

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

Léigh trí na treoracha leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad an méid atá le déanamh acu. Tabhair féile amháin do gach grúpa. Tabhair tamall dóibh a gcur i láthair a ullmhú agus bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo. Abair leo cúpla pictiúr a aimsiú ar a nguthán phóca le taispeáint don rang. Gríosaigh na foghlaimeoirí eile chun ceisteanna a chur orthu. Tá na leathanaigh Vicipéide thíos:

| An Fhéile | Eolas |
|---|---|
| Mí na Marbh | Ón mír |
| El Día de los Muertos | https://en.wikipedia.org/wiki/Day_of_the_Dead |
| Remembrance Day | https://en.wikipedia.org/wiki/Remembrance_Day |
| Obon | https://en.wikipedia.org/wiki/Obon |

### 2: Scríobh

Iarr orthu an chéad alt do leathanach Vicipéide a scríobh ar na deasghnátha a bhaineann le Mí na Marbh in Éirinn.